



Children
in Crossfire

GIVING CHILDREN THE CHANCE TO CHOOSE

A hand is shown from the bottom, holding a globe of the world. The globe is centered on the African continent. The background is a dark, out-of-focus scene with many bright, circular bokeh lights in shades of yellow and green. The text is overlaid on the left side of the globe.

Oideachas don Chroí
de chuid Children in
Crossfire.


Inneachar

Intreoir	3
Spríocanna an Scéim	4
Pleananna Ceachta	6
1 Ceacht 1: Daltaí ag cinntiú a Spáis féin	6
2 Ceacht 2: Lón Machnaimh	9
3 Ceacht 3: Cad is inchinn ann?	12
4 Ceacht 4: An Cruiscín Intinne	15
5 Ceacht 5: Tabhair Aird	18
6 Ceacht 6: Ag déanamh nasc	21
7 Ceacht 7: Ag déanamh nasc i nDlúthpháirtíocht le chéile	24
8 Ceacht 8: Spásárthach an Domhain	26
9 Ceacht 9: Níl sé Cothrom	28
10 Ceacht 10: Foghlaim ceann, teagasc ceann agus pléigh ceann	30
11 Ceacht 11: Tá muid ag dul ar	33
12 Ceacht 12: Guth agus Gnímh an Dalta	36
Aguisíní	
Aguisín A Oideachas don Chroí: creat	39
Appendix B An Zón Achmhainneach	41
Appendix C Cleachtaí a théann leis an Chruiscín Intinne	43
Appendix D Ag cuidiú le Daltaí agus a tionscadal gnímh - seicliosta	44

“

Tacaíonn Oideachas
don Chroí le
múinteoirí agus
le daoine óga a
mbealach a dhéanamh
sa domhan idirnasctha
seo atá de shíor
ag athrú

”



Intreoir

Tacaíonn an acmhainn seo le clár ‘Oideachas don Chroí’ de chuid Children in Crossfire. Is féidir na gníomhaíochtaí a mhúnlú le húsáid i mbunscoil agus in iar-bhunscoil ach ba chóir na gníomhaíochtaí a chur i láthair ar bhealach atá fóirsteanach d’aoisghrúpa agus do chumas na ndaltaí. Is féidir an clár a úsáid chun scileanna a fhorbairt atá nasctha leis na ceanglais reachtúla de chuid Churaclam Thuaisceart Éireann agus de chuid Churaclam na hÉireann, lena n-áirítear:


- Eochairghnéithe, scileanna curaclaim agus cumais an churaclaim acadúil fhoirmiúil d’Eochairchéim 2 i dTuaisceart Éireann (CCSM, 2007), go háirithe na coincheapa bainte leis na snáitheanna An Domhan Thart Orainn (ADTO) agus Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint (FPC) i gCuraclam Thuaisceart Éireann.

- Na sain-aidhmeanna agus cuspóirí ginearálta de chuid Churaclam na Bunscoile in Éirinn (CNCM, 1999) a bhaineann le hOideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta agus Oideachas faoi Eitic agus Folláine
- Na prionsabail agus bunscileanna atá imlínithe sa chreatlach don sraith shóisearach in Éirinn (roinn oideachais agus scileanna, 2015) le ábharthacht saintréitheach don roinn seirbhís sibhialta agus oideachas polaitiúil (CPSE) den churaclam, agus Oideachas faoi éiteas agus sláinte.

Is é atá san acmhainn seo ná sraith ceachtanna deá-phleanáilte agus moltar iad a theagasc thar tréimhse 12 seachtaine ag brath ar an am atá ar fáil.

AIDHMEANNA AN CHLÁIR

Cuidíonn Oideachas don Chroí le sealbhú an eolais, na scileanna, na ndearcthaí agus na luachanna atá de dhíth ar Shaoránach Domhanda Comhbhách agus iad páirteach sa saol. Leagtar amach gnéithe riachtanacha na comhbhá i 'gCompás na Comhbhá'.



Cuidíonn an clár seo le heolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an dalta a fhorbairt. Déanfar seo sa dóigh is gurbh fhéidir leo gnéithe riachtanacha na comhbhá a fhorbairt lena mbealach a dhéanamh sa domhan mar Sharoánaigh Domhanda Comhbhácha. Is ar Ghuth an Dalta agus ar Rannpháirtíocht a leagtar an bhéim sa chlár seo agus déanfar forbairt ar an dalta 'iomlán' le modhanna teagaisc a théann i bhfeidhm ar an chroí, ar an cheann agus ar an chorp

1 Eolas agus Tuiscint

Fiosróidh agus pléifidh na daltaí ceisteanna córa áitiúla agus domhanda chun Eolas agus Tuiscint s'acu a fhorbairt.

2 Scileanna agus Luachanna

Foghlaiméoidh daltaí na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha le bheith páirteach sa domhan mar shaoránach áitiúil agus domhanda. Foghlaiméoidh siad faoi smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht mhothúchánach, bá, straitéisí folláine, meiteachognaíocht, meon forbartha, luachanna uilíocha, léargas, dearcadh agus machnamh.

3 Guth an Dalta agus Rannpháirtíocht

Beidh daltaí gníomhach mar Sharoánaigh Domhanda comhbhácha fríd páirt a ghlacadh agus foghlaim fríd fiosrú agus fríd deiseanna le dul i ngleic le tionscadal fríd gníomhaíochtaí

Léargas · Dearcadh · Machnamh



CROÍ



CEANN



CORP

Litearthacht Mhothúchánach
Bá
Folláine

Eolas agus Tuiscint
Smaointeoireacht
Chriticiúil
Litearthacht
Mhothúchánach
Meiteachognaíocht

Guth an Dalta agus
Rannpháirtíocht
Luachanna Uilíocha
Comhbhá Gníomhaíoch

Nóta

Féach ar Aguisín A do Chreat Foghlama an Dalta

Ceacht 1 Daltaí ag Cinntiú a Spáis Féin



Aidhm an Cheachta

Spás a chruthú inarbh fhéidir leis na daltaí aird a thabhairt ar na buanna ar leith a thugann siad don rang agus inarbh fhéidir leo aontú ar roinnt 'bunphrionsabail' a chuideoidh leo obair le chéile chomh maith agus is féidir.



Beidh na Páistí

Ag foghlaim faoi na bunphrionsabail agus na luachanna a chothaíonn spás sábháilte oibre

Ag cruthú chonradh grúpa a chuirfidh comhoibriú chun cinn



Acmhainní

Taos Súgartha
(*tobán amháin an dalta más féidir*)

Tábla nó spás oibre
(*on the floor will do*)

Páipéar Smeach-chairte

Marcóirí - dath difriúil do gach grúpa
(*Is féidir leis an mhúinteoir súil a choinneáil ar na grúpaí agus plé s'acu ar an bhealach seo*)



Am

Molta

Gníomhaíocht 1: 20 – 30 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 20 – 30 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta
Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

- Litearthacht Mhothúcháinach
- Meiteachognaíocht
- Meon Forbartha: dearcthaí agus aigní



Gníomhaíocht 1

Cuid A

- Tabhair tobán taois shúgartha do gach dalta
- Iarr orthu an taos a mhúnlú i gcruth ar bith is mian leo, ag tabhairt airde ar an chomhdhéanamh, ar an bholadh agus ar aon fhuaim a dhéantar
- Iarr orthu an taos a mhúnlú i gcruth duine
- Abair leo smaoineamh faoi am ar mhothaigh siad bródúil astú féin le linn dóibh a bheith ag múnlú

Noda Plé:

- Cad é mar a mhothaigh sé? Cad é an mothúchán a bhraith siad ag an am?
 - Cuir béim ar cheann de na tréithe a bhfuil siad bródúil as - tabhair roinnt samplaí dóibh (m.sh. neart le rud a chríochnú, misneach le labhairt amach, fonn le rud nua a fhoghlaim, cruthaitheacht le rud a dhearadh, comhbhá chun cuidiú le duine i gcruachás.)
- *Cuir in iúl dóibh nach gcaithfidh siad na rudaí seo a roinnt leis an ghrúpa. Níl le déanamh ach a machnamh a dhéanamh go ciúin**
- Abair leo smaoineamh faoi thréith uathúil dá gcuid féin a thugann siad don ghrúpa - rud dearfach!
 - Mínigh go bhfuil buanna agus tréithe difriúla sa rang agus in amanna, bíonn tuairimí éagsúla ag an rang mar gheall ar an éagsúlacht pearsantachta seo. Mínigh go bhfuil sé tábhachtach áfach, go mbíonn meas ag gach duine ar a chéile
 - Iarr orthu cuid de na tréithe seo a roinnt le chéile ina mbeirteanna

Cuid B

- Iarr ar na daltaí an taos súgartha a athmhúnlú i gcruth ar bith is mian leo, ag tabhairt airde ar an chomhdhéanamh, ar an bholadh ar aon fhuaim a dhéantar
- Iarr orthu cruth nó rud ar bith dá rogha féin a mhúnlú
- Agus iad ag múnlú, mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh rudaí éagsúla sna seachtainí agus míonna le teacht. Beidh siad:
 - ag obair le chéile
 - ag foghlaim le chéile agus
 - ag cruthú le chéile
- Mínigh an tábhacht atá le spás a chruthú ina mothaíonn gach duine sábháilte agus fiúntach
- Mínigh go gcaithfidh siad oibriú le chéile agus aontú ar roinnt bunphrionsabal chun spás mar seo a chruthú
- Iarr orthu cuimhneamh ar na 3 bhunphrionsabal: Meas! Freagracht! Spraoi!

Noda Plé:

- Cad is meas ann agus cad é mar a chuireann muid beart de réir an bhriathair sa seomra ranga?
- Cad is freagracht ann? Cad é mar is féidir linn a bheith freagrach sa seomra ranga?
- Cad é mar a chinntíonn muid go mbíonn spraoi againn agus muid ag obair agus ag foghlaim le chéile mar rang?
- An féidir leat smaoineamh ar bhunphrionsabail ar bith eile a théann leis na 3 cinn atá againn?
- Déan taifead de chuid de na samplaí ar an pháipéar smeach-chairte agus aontaigh conradh ranga
- Mínigh go mbeidh an conradh ranga ar an bhalla agus go ndéanfar tagairt dó i rith ama ar mhaithe le plé, díospóireacht agus comhrá

Gníomhaíocht 2

- Arís eile, larr ar na daltaí an taos súgartha a athmhúnlú i gcruth ar bith is mian leo, ag tabhairt airde ar an chomhdhéanamh, ar an bholadh ar aon fhuaim a dhéantar
- larr orthu an taos a mhúnlú i gcruth deilbhe, dealbh a sheasann do cheann de na bunphrionsabail a bhfuil suim mhór acu ann
- larr orthu labhairt i mbeirteanna faoina ndealbha féin
- larr ar an rang iomlán aontú ar chruth mór dealbhach amháin le húsáid mar shiombail ranga
- Nuair atá an rang ar aon intinn, iarr orthu a ndealbha féin a athmhúnlú agus a gcur le chéile chun siombail an ranga a chruthú.
- Nuair atá an tsiombail déanta, déan cinnte go bhfuil gach duine sásta leis
- Mínigh gur féidir teacht ar ais chuici agus a hathrú ag am ar bith
- Chun an spás a chinntiú, iarr ar gach dalta a lorg ordóige a fhágáil ar an tsiombail - cuirfidh seo a lorg uathúil leis

Chun an tsiombail a chinntiú, bácáil san oigheann é ar feadh 25-30 nóiméad ag teocht íseal

Ceacht 2 Lón Machnaimh



Chun cuidiú leis na daltaí léargas agus tuiscint a fháil ar na staideanna éagsúla intinne, agus na staideanna seo a fhiosrú i spás gan bhreithiúnas

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta



Ag foghlaim faoi na bealaí éagsúla a n-oibríonn a n-intinn

Ag forbairt cumais s'acu chun cur síos a dhéanamh ar 'staideanna intinne' ar bhealach atá cruthaitheach agus lán brí



Páipéar, Marcóirí agus Criáin

Acmhainn Tacaíochta Ceachta : *Staideanna Intinne*



Gníomhaíocht 1: 30 nóiméad

Gníomhaíocht 2 & 3: 20 – 30 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don Dalta

Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

- Litearthacht Mhothúchánach
- Meiteachognaíocht
- Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní



Gníomhaíocht 1

- Cuir in iúl do na daltaí go mbeidh siad ag cruthú madaidh dá gcuid féin, agus gur féidir leo a bheith chomh cruthaitheach agus chomh samhlaíoch agus is mian leo
- Tabhair páipéar, marcóirí agus criáin do na daltaí. Iarr orthu am a chaitheamh ag tarraingt phictiúr madaidh - madadh ar bith is maith leo. Iarr orthu smaoineamh ar na rudaí seo:
 - Cad é an cuma atá ar do mhadadh?
 - Cad é an boladh atá ar do mhadadh?
 - Cad é is maith le do mhadadh a dhéanamh?
- Cad é an bia is fearr leis?
- Cad a chuireann eireaball do mhadaidh ag croitheadh?
- An bhfuil gnéithe ar leith ag do mhadadh?
- Nuair atá na daltaí críochnaithe agus nuair atá freagraí na gceisteanna thuas curtha ar a líníochtaí, abair leo á gcur ar taispeáint in áit feiceálach sa seomra ranga

Gníomhaíocht 2

- Fiafraigh de na daltaí an bhfuil madadh ag duine ar bith acu sa bhaile

Noda Plé

- Ar thraenáil tú é?
- Cuir síor ar thraenáil do mhadaidh, cad é mar a bhí sé? Cad é a d'oibrigh go maith?
- Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach madadh a thraenáil?
- Fiafraigh de na daltaí an smaoiníonn siad gurbh fhéidir ár n-intinn a thraenáil le bheith socair, feasach agus i láthair

Noda Plé

- é mar atá seo indéanta?
- an sileann tú gur smaoineamh maith é seo?
- cén fáth a mbeadh sé tábhachtach le bheith Fios agat an dóigh le bheith socair, i láthair agus feasach?
- Mínigh na dóigheanna gur féidir leis an Intinn a bheith ag obair. Is féidir leis a bheith bríomhar agus lán spraoi ar nós coileáin. Is féidir leis a bheith borb agus feargach cosúil le Chihuahua, nó is féidir leis a bheith tuirseach cosúil le madadh aosta cois tine.

Gníomhaíocht 3

- Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi am a raibh intinn s'acu corraithe agus míshocair. An féidir leo cur síos a dhéanamh ar cad é mar a mhothaigh siad?
- Iarr orthu smaoineamh faoi am ar mhothaigh intinn s'acu iontach tuirseach, codlatach agus falsa. An féidir leo cur síos a dhéanamh ar cad é mar a mhothaigh siad?
- Iarr orthu smaoineamh faoi am a raibh intinn s'acu socair, feasach agus i láthair. An féidir leo cur síos a dhéanamh ar cad é mar a mhothaigh siad?
- Tabhair cóip de 'Staideanna Intinne' do gach dalta (Féach Acmhainn Tacaíochta 1)
- Roinn an rang ina 3 ghrúpa
- Ba chóir do ghrúpa amháin a bpictiúir 'Staideanna Intinne' a líonadh le focail, íomhánna agus dathanna a léiríonn intinn atá corraithe agus míshocair
- Ba chóir do ghrúpa eile a bpictiúir 'Staideanna Intinne' a líonadh le focail, íomhánna agus dathanna a léiríonn intinn atá iontach tuirseach, codlatach agus falsa
- Ba chóir don ghrúpa deireanach a bpictiúir 'Staideanna Intinne' a líonadh le focail, íomhánna agus dathanna a léiríonn intinn atá socair, feasach agus i láthair
- Taispeáin na pictiúir chríochnaithe in áit feiceálach sa seomra ranga. Iarr ar na daltaí amharc ar na pictiúir go cúramach agus a n-aird a dhíriú ar na rudaí a thugann siad faoi deara faoi na 'Staideanna Intinne' difriúla

Noda Plé

- An bhfuil difríochtaí suntasacha idir an pictiúr a léiríonn intinn atá corraithe agus míshocair agus an pictiúr a léiríonn intinn atá iontach tuirseach, codlatach agus falsa?
- Cad é a thugann tú faoi deara faoi na pictiúir a léiríonn intinn atá socair, feasach agus i láthair?
- An dóigh leat gur smaoineamh maith dúinn uilig éirí níos eolaí ar ár n-intinn agus cad é mar a mhothaíonn sé? Cad chuige / cad chuige nach dóigh leat
- Mínigh do na daltaí gur rud normálta é go mbíonn na staideanna éagsúla seo ag ár n-intinn agus ní ceart bheith ró-dhian orainn féin faoi. Tá sé tábhachtach dúinn aird a thabhairt ar na staideanna difriúla intinne sa dóigh is gur féidir linn iad a thuiscint

Ceacht 3 Cad is inchinn ann?

Leid

Seans gurbh fhearr leis an mhúinteoir amharc ar an scannán 'Why do We Lose Control of our Emotions?' sula dtaispeántar don rang é. Seans fosta gur mhian leis an mhúinteoir 'How to Teach Your Kids about the Brain' a léamh ag

www.mindful.org/how-to-teach-your-kids-about-the-brain/



Chun cuidiú leis na daltaí éirim mhothúcháinach s'acu a fhorbairt



Ag cur le tuiscint s'acu ar shaintréithe an taoibh mhachnamhaigh agus an taoibh mhothúchánaigh den inchinn

Ag cur aithne ar chúiseanna na mothúchán

Ag smaoineamh faoi bealaí chun mothúcháin a bhainistiú



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 2:

Teach na hInchinne

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 3:

Crann na gCúiseanna

Físeán Youtube

'Why do We Lose Control of our Emotions?' le Kids Want to Know

Nótaí Greamaitheacha agus Pinn



Gníomhaíocht 1: 10 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 15 nóiméad

Gníomhaíocht 3 35 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

- Litearthacht Mhothúcháinach
- Meiteachognaíocht
- Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní



Gníomhaíocht 1

- Léirigh an Acmhainn Tacaíochta Ceachta 2 'Teach na hInchinne' ar sleamhnán Powerpoint
- Mínigh go mbeidh na daltaí ag smaoineamh faoin dóigh a n-oibríonn inchinn s'againn le linn na gníomhaíochta seo
- Ag déanamh tagartha don acmhainn 'Teach na hInchinne', iarr ar na daltaí samhlú gur teach í inchinn s'acu, a bhfuil thuas staighre agus thíos staighre inti
- Mínigh dóibh gur féidir smaoineamh faoin thuas staighre mar 'Inchinn Mhachnamhach' s'againn agus faoin thíos staighre mar 'Inchinn Mhothúchánach' s'againn
- Mínigh go bhfuil an thuas staighre agus an thíos staighre beirt iontach tábhachtach. Cuidíonn an 'Inchinn Mhachnamhach' linn chun fadhbanna a réiteach, chun pleanáil agus a bheith loighciúil agus réasúnta. Cuidíonn an 'Inchinn Mhothúchánach' linn chun contúirt a bhrath, chun muid a choinneáil slán agus chun freastal ar ár riachtanais

Gníomhaíocht 2

- Cuir in iúl do na daltaí go mbíonn cúiseanna agus cásanna éagsúla ann a scaoileann leis na mothúcháin láidre seo a bhlocálann an 'Staighre Cumarsáide'. Mar shampla, tá obair scoile agus rudaí bainte léi ina chúis do mhothúcháin fheirge do roinnt daoine. Tá cásanna agus cúiseanna ag daoine eile a bhaineann le himeachtaí taobh amuigh den scoil. Is féidir le cúiseanna a bheith bainte le damhán alla a fheiceáil, nó fiú smaoineamh faoi dhamhán alla. Tá neart cúiseanna éagsúla ann do na mothúcháin seo a bhlocálann an 'Staighre Cumarsáide'
- Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag amharc ar fhíseán gairid a mhíníonn cad é mar a oibríonn an inchinn nuair a bhíonn mothúcháin láidre againn de bharr cúiseanna nó cásanna faoi leith. Cuir 'Why Do We Lose Control of our Emotions?' ar siúl

Noda Plé

- An dtig leat smaoineamh ar rud ar bith eile atá uainn ónar nIntinn Mhachnamhach?
- An dtig leat smaoineamh ar rud ar bith eile atá uainn ónar nIntinn Mhothúchánach?
- Mínigh gur féidir leis an 'Inchinn Mhachnamhach' 'Staighre Cumarsáide' láidir a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an 'Inchinn Mhothúchánach'. Cuidíonn seo linn dul i ngleic leis na smaointe agus na mothúcháin gan éirí ró-thógtha. In amanna, áfach, bíonn an 'Inchinn Mhothúchánach' chomh láidir sin go mblocálann sí an 'Staighre Cumarsáide'. De ghnáth, tarlaíonn seo nuair bhíonn mothúcháin iontach láidir againn ar nós bróin, feirge nó eagla. Cuir na daltaí ar a suaimhneas gur rud normálta é seo agus go dtarlaíonn seo dúinn uilig

Noda Plé

- An féidir leat smaoineamh ar mhothúcháin láidre ar bith eile a bheadh ábalta an 'Staighre Cumarsáide' a bhlocáil?
- Cén sórt spion a chuirfidh na mothúcháin seo orainn?
- Cén tionchar a bheas ag na mothúcháin seo ar iompar s'againn?

Noda Plé

- Cad é do thuairim faoin fhíseán?
- An bhfuil codanna ann nach dtuigeann tú? (Más gá, is féidir codanna den fhíseán a thaispeáint arís)
- An dóigh leat gur féidir éirí iontach maith ag aithint nuair atá do mhothúcháin ag neartú?
- An dóigh leat gur féidir foghlaim chun na cúiseanna agus na cásanna a dhéanann do mhothúcháin níos measa, gur féidir foghlaim lena mbainistiú.

Gníomhaíocht 3

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag amharc go mion ar na cúiseanna agus na cásanna a chruthaíonn mothúcháin láidre.
- Roinn an rang i ngrúpaí beaga de chúigear agus tabhair nótaí greamaitheacha do gach grúpa
- Iarr orthu scríobh síos an oiread cúiseanna nó cásanna agus is féidir leo a shamhlú; cúiseanna a chruthódh mothúcháin láidre nó a chuirfeadh 'ar mire' iad. Cuir in iúl do na daltaí nach gcaithfidh na cúiseanna agus cásanna seo a bheith pearsanta dóibh féin. Níl le déanamh ach an mhéid is mó samplaí a shamhlú agus is féidir
- Nuair atá na grúpaí críochnaithe, iarr orthu na cúiseanna agus na cásanna a roinnt leis an rang
- Iarr ar gach grúpa aontú ar chúis nó ar chás amháin gurbh mhian leo scrúdú níos doimhne a dhéanamh air. Is féidir cúis nó cás a phiocadh a chuala siad ó ghrúpa eile nó ceann a fuair siad ina ngrúpa féin
- Nuair atá an cinneadh déanta, tabhair amach Acmhainn Tacáíochta Ceachta 3 'Crann na gCúiseanna' (ceann an grúpa)
- Abair leo 'Crann na gCúiseanna' a chomhlíonadh
- Nuair atá gach grúpa críochnaithe le 'Crann na gCúiseanna' s'acu, iarr orthu an crann a mhalartú le grúpa eile
- Iarr ar gach grúpa samhlú gur dochtúirí iad do na 'Crainn Chúiseanna'. Déanfaidh siad athbhreithniú ar chrann grúpa eile agus comhairle a thabhairt

Noda

- An féidir leat smaoineamh ar rud a d'fhéadfadh cuidiú leis an duine seo an chúis nó an cás a bhainistiú?
- An féidir leis an duine rud a dhéanamh chun cuidiú leis/léi na mothúcháin a aithint agus iad ar tí pléascadh?
- Cad é is féidir leis an duine a dhéanamh chun spion níos fearr a chur air/uirthe féin?
- Is féidir le gach grúpa ansin, comhairle s'acu a roinnt leis an rang iomlán

Noda

- Caithfidh tú an chúis nó an cás a scríobh síos sa bhosca chuí
- Tá ort na mothúcháin a aimsiú gurbh fhéidir leis an chúis/chás seo a chruthú. Tá bosca ann faoi choinne seo
- Ansin, smaoinigh faoi cén sórt tionchair a bheidh ag na mothúcháin seo ar smaointe agus ar iompar duine. Tá bosca ann faoi choinne seo
- Faoi dheireadh, tá bosca agat chun cuid de na mothaithe coirp a d'fhéadfadh a bheith ag duine a scríobh síos. Mar shampla, Snaidhm ina bholg, Allas ar a bhos, Croí ag pléascadh

Lesson 4 An Crúiscín Intinne

Leid

Is féidir na 'Crúiscíní Intinne' a choinneáil sa seomra ranga agus a n-úsáid gach lá chun na daltaí a spreagadh díriú a dhéanamh gach maidín lena 'gCrúiscíní Intinne'



Chun cuidiú leis na daltaí scileanna acmhainneachta agus folláine a fhorbairt



Ag foghlaim níos mó faoi na bealaí is féidir leo corp agus intinn s'acu a shuaimhniú le hanáilú agus modhanna eile

Ag forbairt scileanna chun déileáil leis agus chun dul i ngleic le cásanna nuair nach bhfuil rudaí socair



Crúiscíní gloine le cláir

Glé Gealra

Gnáth-ghealra

Uisce Te

Soitheach Gallúnaí nó seampú

Spúnóga

Crúiscín tomhais



Gníomhaíocht 1: 30 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 20 – 30 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

- Litearthacht Mhothúchánach
- Meiteachognaíocht
- Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní



Gníomhaíocht 1

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag cruthú 'Chrúiscín Intinne' leo féin nó i ngrúpaí - cibé pé rud is fóirsteanáí don rang

Treoracha

- Líon an crúiscín le huisce te - ach nach bhfuil ar fiuchadh
- Cuir isteach méid mhór gealra agus corraigh é go dtí go bhfuil sé cumaiscthe leis an uisce
- Cuir gnáth-ghealra isteach - abair leo dathanna a phiocadh a bhfuil suim agat iontu
- Cuir cúpla braon geallúnaí nó seampú isteach
- Cuir an clár air agus bain croitheadh as
- Nuair atá na crúiscíní intinne déanta, mínigh do na daltaí gur féidir lena gcrúiscíní intinne cuidiú leo díriú, socrú síos agus aird a thabhairt ar a mothúcháin agus a smaointe.
- Iarr orthu smaoineamh faoi am a raibh frustrachas nó fearg orthu; ní gá dóibh an cuimhne sin a roinnt le duine ar bith
- Nuair atá an cuimhne acu, iarr orthu croitheadh a bhaint as a gcrúiscín intinne
- Mínigh go seasann an gealra sa chrúiscín dá mothúcháin agus dá smaointe. Nuair a bhaineann tú croitheadh as an chrúiscín, léiríonn sin nuair nach bhfuil cumarsáid mhaith idir an 'Inchinn Mhachnamhach' agus an 'Inchinn Mhothúcháin' (Is féidir cur i gcuimhne dóibh faoi Cheacht 3: Gníomhaíocht 1)
- Iarr orthu aird a dhíriú ar an dóigh a bhfuil an gealra ag cúrsáil agus ag guairneán agus iad ag croitheadh na gcrúiscíní
- Iarr orthu tabhairt faoi deara cé chomh deacair is atá sé spota glan a aimsiú
- Ansin iarr ar na daltaí stad den chroitheadh agus na crúiscíní a chur síos
- Abair leo a n-aird a dhíriú ar cad é a tharlaíonn nuair a chuireann muid deireadh le croitheadh na gcrúiscíní intinne agus amharc air (Ba chóir don ghealra titim go tóin an chrúiscín agus go nglanfaidh an t-uisce)
- Mínigh dóibh nuair a thugann muid go leor spáis agus ama dúinn féin le socrú síos, is féidir linn ár n-intinn a ghlanadh; nuair atá sin déanta, thig linn mothú go maith, thig linn foghlaim lena chéile agus óna chéile, thig linn cairdeas maith a bheith againn agus thig linn muid féin a chur in iúl ar bhealach atá sláintiúil agus sásta

Gníomhaíocht 2

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag foghlaim faoi mhodhanna anáilithe a chuideoidh le smaointe agus mothúcháin a shocrú
- Cuir in iúl dóibh go mbeidh siad ag croitheadh a gcrúiscíní intinne arís i gceann bomaite
- Ach an t-am seo, agus iad ag amharc ar an ghealra ag socrú, go mbainfidh siad úsáid as an anáil chun áit suaimhnis a aimsiú
- Ar dtús, áfach, caithfidh siad an modh anáilithe a chleachtadh

Treoracha

- Díriú ar rithim nádúrtha d'anála
- Ná cuir leis, ach díriú ar an aer ag teacht isteach agus amach
- Cuir do chormhéar (go cothrománach) faoi do pholláirí, agus análaigh an t-aer amach as do shrón agus ar do mhéar. Arís, ní gá cur le d'anáil, ach í a mhothú go réidh
- Nuair a thuigeann na daltaí an cleachtadh anáilithe, iarr orthu a gcrúiscíní intinne a chroitheadh.
- Agus iad ag amharc ar an ghealra ag socrú, ba chóir dóibh an modh anáilithe thuas a dhéanamh. Ba chóir dóibh samhlú fosta, go bhfuil smaointe nó mothúcháin ar bith atá acu ag socrú síos leis an ghealra céanna
- Cuir ina luí orthu nach gcaithfidh na daltaí iarracht a dhéanamh gan smaointe nó mothúcháin a bheith acu. Is é cuspóir an chleachtaigh seo, a bheith eolach ar an smaoineamh nó ar an mhothúchán agus á anáil amach as do pholláire. Má thagann an smaoineamh nó mothúchán ar ais arís agus arís eile, níl le déanamh ach aird a thabhairt air agus á anáil amach arís
- Nuair atá an cleachtadh thart, fiafraigh de na daltaí cad é tuairim s'acu ar an chleachtadh

Ceisteanna spreagthacha

- Cad é a shíl tú faoi sin?
- An raibh sé éasca nó deacair?
- Cad é a thaitin leat faoi?
- Ar thug tú rud ar bith faoi deara faoi do smaointe nó faoi do mhothúcháin?
- An raibh pointí ar bith ann nuair a bhí d'intinn agus do chorp ar aon socair agus suaimhneach?
- An féidir leat smaoineamh ar bhealaí ar bith eile chun d'anáil a dhíriú (seachas an méar faoina polláirí)?
- Mínigh do na daltaí a mhinice is a chleachtann siad an cineál anáilithe seo, gur mó an aird a bheidh acu ar a smaointe agus ar a mothúcháin agus go mbeidh acmhainn níos fearr acu iad a shocrú má tá siad an-chorraithe faoi rud éigin

Nóta

Roimh an cheacht seo, ba chóir dó mhúinteoirí amharc ar Aguisín B; tá treoir ansin chun spás teagaisc agus foghlama a chruthú do Zón Acmhainneach.

Ag brath ar an rang, thig le múinteoirí gníomhaíocht an Zóin Acmhainneach a dhéanamh chun cur leis agus chun forbairt a dhéanamh ar an cheacht san iomlán.

Seans gur mhián le múinteoirí 'Gníomhaíochtaí a théann leis An Chrúiscín Intinne' a thriail (Féach Aguisín C)

Ceacht 5 Tabhair Aird

Leid

Ba chóir do mhúinteoirí eolas a chur ar na treoracha atá leagtha amach in Acmhainn 4 'Ag Bogadh Le Chéile'. Tá ceithre chéim ag an ghníomhaíocht



Aidhm an Cheachta

Chun cuidiú leis na daltaí feasacht, féintuiscint agus tuiscint do dhaoine eile a fhorbairt



Beidh na Páistí

Ag forbairt scileanna éisteachta s'acu
Ag forbairt tuisceana ar mhothaithe éagsúla
Ag forbairt muiníne as a chéile
Ag forbairt scileanna caidrimh agus oibriú foirne
Ag forbairt comhbhá dá chéile



Acmhainní

Seomra/Halla mór

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 4:

Ag Bogadh le Chéile

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 5:

Lipéid Aontaím Ní Aontaím

Ba chóir do mhúinteoirí eolas a chur ar na treoracha atá leagtha amach in Acmhainn 4 'Ag Bogadh Le Chéile'. Tá ceithre chéim ag an ghníomhaíocht



Am

Molta

Gníomhaíocht 1: 30 - 40 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 10 - 20 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

- Litearthacht Mhothúchánach
- Meiteachognaíocht
- Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
- Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

Lean na treoracha leagtha amach in Acmhainn Tacaíochta Ceachta 4 'Ag Bogadh le Chéile,' go dtí go bhfuil na ceithre chéim agus na mioncheisteanna uilig déanta

- Críochnaigh Céim 1
- Críochnaigh Céim 2
- Stad do na mioncheisteanna

Ceisteanna spreagthacha

- Cad é a shíl tú faoi sin?
- Cad é a thaitin leat faoi?
- An raibh sé éasca nó deacair an spás iomlán a líonadh?
- An raibh sé éasca nó deacair ort a bheith airdeallach ar gach duine sa seomra?
- Críochnaigh Céim 3
- Stad do na mioncheisteanna

Ceisteanna spreagthacha

- Cad é mar a mhothaigh sé chun na gluaiseachtaí áiféiseacha a dhéanamh?
- Ar thug tú mothaithe ar bith faoi deara i do chorp le linn na gluaiseachta?
- Ar thug tú smaointe ar bith a bhí agat faoi deara?
- Ar thug tú faoi deara rud ar bith faoin dóigh a raibh na daoine eile ag léiriú na ngluaiseachtaí gnóthacha nó corraithe a léiriú?
- Cad é mar a mhothaigh sé a bheith airdeallach agus aireach? Ar thug tú faoi deara rud ar bith nár aithin tú roimhe?
- Críochnaigh Céim 4
- Stad do na mioncheisteanna

Ceisteanna spreagthacha

- Cad é mar a mhothaigh sé a bheith páirteach sa ghníomhaíocht seo?
- Arbh fhearr leat a bheith i do cheannaire nó i do leantóir?
- An dóigh leat go bhfuil baint ar bith ag an ghníomhaíocht seo le muinín?
- Cén dóigh ar chinntigh tú go raibh do pháirtí slán nuair a bhí tú i do cheannaire?
- Ar mhothaigh tú an fuinneamh ó lámh do pháirtí?

Gníomhaíocht 2

- Priontáil Acmhainn Tacaíochta Ceachta 5: Lipéid Aontaím Ní Aontaím
- Cuir an Lipéad Aontaím ar taobh amháin den seomra agus an Lipéad Ní Aontaím ar an taobh eile
- Míneigh do na daltaí go scairtfidh tú ráiteas amach agus gur chóir dóibh 'cinneadh na gcos' a dhéanamh agus siúl chuig Aontaím nó Ní Aontaím nó Áit Éigin Eatarthu
- Is ionann an spás idir Aontaím agus Ní Aontaím agus áit do na daltaí a gcuid tuairimí a léiriú

Ráitis

- Is féidir cairde a dhéanamh le duine ar bith
- Tá gach duine ar domhan cineálta agus tuisceanach ina chroí istigh
- Tá sé éasca a aithint má tá duine eile trína chéile
- Fiú mura dtaitníonn iompar duine liom, is féidir liom saol sona a ghuí orthu go fóill

Ní Aontaím
ar chor ar
bith

Aontaím go
láidir



Leid

Cuir in iúl do na daltaí a bheith ag éisteacht go gníomhach le tuairimí daoine eile agus meas a thaispeáint fiú mura n-aontaíonn siad le rud éigin. Cuidíonn seo chun timpeallacht a chruthú inarbh fhéidir leis na daltaí plé sábháilte agus measúil a dhéanamh. Is am maith é seo le cur i gcúimhne do na daltaí faoi na Bunphrionsabail ó Cheacht 1

Ceacht 6 Ag Déanamh Nasc

Tip

Cuir in iúl do na daltaí nach gcaithfidh siad eolas pearsanta a thabhairt faoi na grúpaí a bhfuil baint acu leo



Aidhm an Cheachta

Chun cuidiú le daltaí meas a bheith acu ar idirspéachas, agus chun comhbhá, meas agus buíochas do dhaoine eile a fhorbairt



Beidh na Páistí

Ábalta grúpaí a ainmniú a bhfuil daoine páirteach iontu
Ag foghlaim faoin ghné domhanda
Eolach ar naisc agus idirspéachas domhanda
Ag forbairt freagracht shóisialta



Acmhainní

Léarscáil den Domhan (Peters Projection Map)

Méaróga / Spotaí greamaitheacha

Rudaí ón bhailé (agus na lipéid slán) m.sh. éadaí, earraí tí, bia

Seacláid chóirthrádála do na daltaí

Smeach-chairt, Pinn luaidhe daite, marcóirí (do Mholadh Fhorbairt Ceachta)



Am

Molta

Gníomhaíocht 1: 20 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 20 nóiméad

Gníomhaíocht 3: 15-20 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

1. Ag forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:

Smaointeoireacht Chriticiúil
Lítearthacht Mhothúchánach
Meiteachognaíocht

Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar, agus tabhair smeach-chairt, marcóirí/pinn luaidhe daite dóibh
- Iarr ar gach grúpa smaoineamh faoin téama 'Nasc'. Ar an smeach-chairt, ba chóir dóibh scríobh/tarraingt na n-áiteanna arbh fhéidir le daoine a bheith nasctha leis (m.sh, Scoil, grúpa óige, eaglais, club peile, rang damhsa, ceolfhoireann srl.)
- Nuair atá na daltaí críochnaithe leis an tasc seo, stop do na mioncheisteanna

Ceisteanna spreagthacha

- An dóigh leat go mbíonn 'rogha' ag daoine nascadh leis na háiteanna seo nó an ndearnadh an 'rogha' seo ar a son?
- An dóigh leat go mbíonn cearta ar bith ag daoine sna grúpaí seo?
- An féidir leat smaoineamh ar dhuine ar bith a d'fhéadfadh a bheith fágtha amach ó na grúpaí ar do liosta? Cad chuige? An bhfuil sé seo cothrom / mí chothrom?
- Cad é a d'fhéadfadh tarlú má dhéantar drochíde ar dhuine ó cheann de na grúpaí? Cad é ba chóir don ghrúpa a dhéanamh chun seo a réiteach an dóigh leat?
- An dóigh leat go bhfuil an grúpa freagrach as cothrom na féinne a thabhairt do gach duine?

Gníomhaíocht 2

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar, agus tabhair roinnt earraí tí do gach grúpa
- Iarr ar gach grúpa amharc ar na lipéid agus oibriú amach cá as a dtáinig siad
- Nuair atá a fhios ag na daltaí cá as a dtáinig na rudaí, cuir Teilgean Léarscáile Peter ina láthair. An bhfeiceann tú rud ar bith follasach faoi shuíomh na méaróg / spotaí greamaitheacha? Mar shampla, cad chuige a bhfuil a lán méaróga / spotaí greamaitheacha le feiceáil ar an tSín
- Abair leis na daltaí méaróg / spota greamaitheach a chur ar an léarscáil sna háiteanna as a dtáinig rudaí s'acu

Ceisteanna spreagthacha

- Cad é mar a tháinig na rudaí seo a fhad leat an dóigh leat?
- Cá mhéad duine a bhí páirteach chun an rud seo a chur chomh fada leat?
- An bhfeiceann tú rud ar bith follasach faoi shuíomh na méaróg / spotaí greamaitheacha? Mar shampla, cad chuige a bhfuil a lán méaróga / spotaí greamaitheacha le feiceáil ar an tSín

- An dóigh leat go ndéantar a lán earraí i dtíortha bochta ar fud an domhain. Cad chuige an dóigh leat gurb amhlaidh an scéal?
- An dóigh leat gur caitheadh go cothrom leis na daoine seo?
- Cé a dhéanann formhór an airgid as na hearraí seo an dóigh leat?
- Má amharcann muid ar lipéad gach rud a úsáidimid agus a chaithimid, cá mhéad áit agus duine ar a bhfuil muid ag brath ar fud an domhain?
- An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil muid buíoch do na daoine seo?
- An dóigh leat go bhfuil dualgas orainn cinntiú go gcaitear go cothrom leis na daoine seo?
- Ar thug tú faoi deara go raibh marc cóirthrádála ar cheann ar bith de na hearraí?
- Cad is ciall le cóirthrádail i do thuairim?

Gníomhaíocht 3

- Tabhair píosa beag de sheacláid chóirthrádála do gach dalta
- Iarr orthu sult a bhaint as - agus iarracht a dhéanamh chun na comhábhair éagsúla a aithint, agus aird a thabhairt ar an bhlas agus an uigeacht
- Agus iad i ngrúpaí beaga de cheathrar, iarr ar na daltaí smaoineamh faoi na comhábhair atá sa tseacláid. Cad é atá istigh i bpíosa seacláide? Iarr orthu a bhfreagraí a liostáil ar leathanach
- Nuair atá a liosta críochnaithe, abair leo nóta a chur in aice le gach comhábhair faoin áit ar domhan as a dtáinig sé. Mura bhfuil a fhios ag na daltaí, thig leo leabhair nó an t-idirlíon a úsáid lena fhiosrú
- Bá chóir don mhúinteoir na daltaí a chur ar an eolas faoi chóirthrádáil; thig leo gearrscannán nó acmhainn a phiocadh ó shuíomh idirlín an Fairtrade Foundation leis seo a dhéanamh www.schools.fairtrade.org.uk/



Ceacht 7 Ag Déanamh Nasc i nDlúthpháirtíocht le chéile



Chun cuidiú le daltaí buíochas a chothú dá chéile, agus chun cuidiú leo cumas s'acu a fhorbairt le dul i ngleic le héagóracha domhanda i ndlúthpháirtíocht le daoine eile



Ag forbairt chumas buíochais agus idirspiléachais s'acu

Ag smaoineamh go criticiúil agus ag déanamh taighde

Ag aimsiú gníomhaíochtaí is féidir leo a ghlacadh mar shaoránaigh dhomhanda



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 6

Léarscáil na Nasc

Rochtain Idirlín do thasc taighde an dalta

Pinn/Marcóirí/Smeach-chariteacha

Páipéar do Chur i Láthair na nDaltaí



Gníomhaíocht 1: 30 - 40 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 40 - 50 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

1. Ag forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

-- Tabhair Acmhainn Tacaíochta Ceachta 6: 'Léarscáil na Nasc' do gach dalta

- Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag smaoineamh faoi na daoine uilig

a bhfuil naisc acu leo ina saol agus gur chóir dóibh á scríobh síos ar a Léarscáil Nasc

- Abair leo na daoine is gaire dóibh a scríobh thart ar an chiorcal MÉ FÉIN sa lár (Cuir in iúil dóibh nach gcaithfidh siad ainmneacha faoi leith a scríobh, ach a leithéid de chairde, tuismitheoir, deirfiúr a scríobh srl.)
- Chun na daltaí a spreagadh le naisc níos leithne a lua ná gaolta agus cairde amháin, Is féidir cur i gcuimhne dóibh faoin obair a rinne siad le linn Ceacht 6: Ag Déanamh Nasc (Féach Ceacht 6)

Is féidir leo naisc cosúil le grúpaí óige, foirne spóirt srl a chur sna ciorcail amuigh (Cuir in iúl arís

nach gcaithfidh siad na grúpaí faoi leith a ainmniú)

- I gcuid de na ciorcail eile amuigh, iarr orthu scríobh síos an méid is mó de na daoine a bhfuil siad ag brath orthu le bheith beo (m.sh. na daoine a dhéanann mo chuid éadaigh, feirmeoirí, na daoine a sheachadann mo chuid bainne dom, na daoine a fhásann mo chuid bia.)
- Nuair atá na Léarscáileanna Nasc críochnaithe acu, iarr orthu smaoineamh faoin dóigh a bhfuil siad buíoch do na daoine agus do na grúpaí atá luaite acu

Glúthpháirtíocht: Meon Aontachta agus Comhaontaithe - an rud a chuireann isteach ar chuid againn, cuireann sé isteach orainn uilig. Is ionann dlúthpháirtíocht agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile agus oibriú leo chun athrú dearfach a dhéanamh. Is ionann é agus a bheith ag gníomh ar son domhain níos cothroime

Gníomhaíocht 2

- Fiafraigh de na daltaí an bhfuil ciall an fhocail 'dlúthpháirtíocht' ar eolas acu (Seans go mbeidh ar an mhúinteoir roinnt ama a chaitheamh chun sainmhíniú a thabhairt air seo sa dóigh is go dtuigeann na daltaí é)

Ceisteanna Plé

- An dóigh leat go bhfuil an dlúthpháirtíocht tábhachtach?
- Cad chuige / cad chuige nach dóigh leat?
- An dóigh leat go bhfuil nasc ag dlúthpháirtíocht le cineáltas? Cad chuige / cad chuige nach dóigh leat?
- An dóigh leat gur féidir leis an dlúthpháirtíocht an domhan a dhéanamh níos fearr?
- An dóigh leat gur féidir linn mar rang, rud éigin a dhéanamh i ndlúthpháirtíocht leis na daoine a bhíonn ag obair chun na táirgí a dhéanamh ach nach bhfaigheann pá cothrom nó coinníollacha maithe oibre? Cad é is féidir linn a dhéanamh an dóigh leat?
- Mínigh gur féidir linn rud éigin a dhéanamh i ndlúthpháirtíocht trí thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí atá ag obair chun na coinníollacha oibre a fheabhsú do na daoine a dhéanann táirgí s'againn
- Mínigh go mbeidh siad ag obair le chéile chun taighde a dhéanamh ar chuid de na heagraíochtaí seo
- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear agus iarr ar gach grúpa taighde a dhéanamh ar cheann de na heagraíochtaí thíos (mar mhalairt air sin, seans go bhfuil siad eolach ar eagraíochtaí eile)
 - www.fashionrevolution.org
 - www.cleanclothes.org
 - www.fairtrade.ie/
 - www.fairtrade.org.uk
 - www.labourbehindthelabel.org
- Mínigh dóibh go gcuirfidh siad torthaí a gcuid taighde faoin eagraíocht i láthair don rang
- Iarr orthu smaoineamh faoi bhealach chun cur i láthair cruthaitheach a dhéanamh m.sh. póstaer, dán, mír nuachta srl.
- Iarr ar na daltaí gníomh a phiocadh gur féidir leo a dhéanamh i ndlúthpháirtíocht leis na daoine a dhéanann táirgí s'acu m.sh. achainí ceann de na heagraíochtaí a shíniú, tionól scoile a dhéanamh chun feasacht a ardú, Scoil chóirthrádála a dhéanamh de scoil s'agat srl.

Leid

Cruthaigh 'Balla na nGníomhartha' sa seomra ranga do na daltaí chun gníomhartha molta a chur suas. Thig leis an mhúinteoir gníomh nó roinnt gníomhartha a roghnú le déanamh mar rang.

Ceacht 8

Spásárthach an Domhain

Leid

Más féidir, déan an ceacht seo i halla nó i spás mór. Mura féidir, cuir na táblaí ag taobh an tseomra roimh theacht na ndaltaí, más féidir, sa dóigh is gur féidir libh an t-ionsamhlú a thosú láithreach. Cuir na suíocháin amach ar nós eitleáin/spásárthaigh (féach plean eitilte).

Beidh sé ina bhuntáiste don cheacht má tá na daltaí cleachta leis an mhúinteoir i mbun ról s'acu mar bhall den chriú. Ní bheidh iontas orthu ar an bhealach seo.



Chun cuidiú leis na daltaí fonn rannpháirtíochta a fhorbairt agus iad a spreagadh chun gnímh mar shaoránaigh dhomhanda



Ag forbairt chumas buíochais agus idirspheáchais

Ag smaoineamh go criticiúil agus ag déanamh taighde

Ag aimsiú gníomhaíochtaí is féidir leo a dhéanamh mar shaoránach domhanda



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 7:

Script agus Plean Eitilte do Spásárthach an Domhain

Físeán Youtube 'The Global Village'

le *Hyperfine Media*



Gníomhaíocht 1: 30 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 20 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

1. Ag Forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag Foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smaointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag déanamh rólimeartha / ionsamhlaithe faoin domhan
- Agus é/í i gcarachtar, ba cheart don mhúinteoir an t-ionsamhlú ‘Spásárthach an Domhain’ a dhéanamh leis na daltaí (**féach Acmhainn 7**)

Gníomhaíocht 2

- Fiafraigh de na daltaí cén baint atá ag an ionsamhlú ‘Spásárthach an Domhain’ leis an domhan

Ceisteanna spreagthacha

- Cén baint atá ag an Spásárthach leis an saol mar atá?
- Cé dó a sheasann na paisinéirí den chéad ghrád an dóigh leat?
- Cé dó a sheasann na paisinéirí den dara grád an dóigh leat?
- Cé dó a sheasann na paisinéirí den tríú grád an dóigh leat?
- Cad chuige a bhfuil sé roinnte ar bhealach chomh míchothrom sin?
- An bhfuil sé seo cothrom? Cad chuige / Cad chuige nach dóigh leat
- An dóigh leat gurbh fhéidir le coimhlínt tosú mar gheall ar an éagothroime? Cad chuige / cad chuige nach dóigh leat?
- Iarr ar na daltaí amharc ar an fhíseán Youtube ‘The Global Village’ le Hyperfine Media (Tá neart beochana ar fáil ar líne a dhíríonn ar ‘The Global Village’). Thig leis an mhúinteoir ‘If the world were 100 people’ a chuardach agus réimse físeán a phiocadh atá fóirsteanach d’aoisghrúpaí éagsúla

Moladh Fhorbairt Ceachta:

Feachtas Póstaer a dhearadh

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar
- Tabhair páipéar smeach-chairte amach dóibh agus abair leo samhlú gur cuireadh ceist orthu feachtas póstaer a chruthú; feachtas póstaer a chuirfidh in iúl do dhaoine cé chomh míchothrom agus atá Spásárthach an Domhain, agus a spreagfaidh daoine chun Spásárthach níos cothroime a dhéanamh

Noda

- Cad é an phríomhtheachtaireacht atá tú ag iarraidh go dtuigfidh daoine ó do phóstaer?
- Cad é an rud is tábhachtaí ba chóir a bheith ar eolas acu faoin éagothroime?
- Cad iad na gníomhaíochtaí a mholfá do dhaoine chun an Spásárthach a dhéanamh níos cothroime do gach duine?
- Iarr ar gach grúpa a bhfeachtas phóstaer críochnaithe a roinnt leis an chuid eile den rang
- Más féidir, thig tuilleadh dearaidh a dhéanamh ar na póstaer le TFC

Ceacht 9 Níl Sé Cothrom



Chun cuidiú le daltaí eolas agus tuiscint a fhorbairt ar fhadhbanna agus ar idircheangail dhomhanda; agus chun cuidiú leo litearthacht mhothúchánach agus litearthacht chriticiúil a úsáid chun na fadhbanna seo a chíoradh



Ag amharc ar chúiseanna struchtúracha na bochtaineachta agus na héagothroime

córais dhomhanda

Ag smaoineamh go criticiúil faoi fhadhbanna domhanda

Ag forbairt feasachta s'acu ar na freagairtí mothúchánacha, físiúla agus cognaíocha a bhíonn acu ar na fadhbanna

Ag feabhsú tuiscena s'acu ar an dóigh a bhfuil siad nasctha le chéile ag

Ag smaoineamh faoi agus réitigh cruthaitheacha agus á gcur in iúl



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 8: *Tráth na gCeist na hÉagothroime*

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 9: *An Duine is Mó de Dhíth ar an Domhan*

Pinn luaidhe daite / Marcóirí

Na Crúiscíní Intinne a rinneadh i gCeacht 4

Físeán Youtube - For the Heroes A Pep Talk for Kid President le SoulPancake



Gníomhaíocht 1: 30 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 30 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

1. Ag forbairt Eolais agus Tuiscena ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smaointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Cuir Ceacht 8: Spásárthach an Domhain i gcuimhne do na daltaí agus iarr orthu cuimhneamh ar an ghníomhaíocht iomlán

Ceisteanna spreagthacha

- An cuimhin leat cá raibh tú i do shuí ar an Spásárthach?
 - An cuimhin leat cad é mar a mhothaigh tú faoi sin?
 - An cuimhin leat cad é mar a shíl tú go raibh an Spásárthach bainte leis an saol mar atá?
 - Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag foghlaim níos mó faoin dóigh a bhfuil an Spásárthach nasctha le cúrsaí sa saol mar atá
 - Mínigh go ndéanfaidh siad Tráth na gCeist fíor nó bréagach (Thig leis an mhúinteoir an rang a roinnt ina bhfoirne nó iarraidh ar na daltaí á dhéanamh leo féin)
 - Ba chóir don mhúinteoir na ceisteanna ó Acmhainn Tacaíochta Ceachta 8: ‘Tráth na gCeist na hÉagothroime’ a scairteadh amach
 - Nuair atá an Tráth na gCeist críochnaithe, ba chóir don mhúinteoir réimse mioncheisteanna a chur orthu
- ## Ceisteanna spreagthacha
- Ar chuir cuid ar bith de na fíricí ón tráth na gceist iontas ort?
 - An dóigh leat go bhfuil sé cothrom go bhfuil an mhéid sin maoin ag an 1% is saibhre? Cad chuige / Cad chuige nach dóigh leat?
 - An dóigh leat gur chóir do chorparáidí móra níos mó cánach a íoc? Cad chuige / Cad chuige nach dóigh leat?
 - Ar chóir do chorparáidí móra praghas cothrom a íoc le feirmeoirí? Cad chuige / Cad chuige nár chóir?
 - Cé ba chóir a bheith freagrach i do bharúil, as an domhan a dhéanamh cothrom do gach duine?
 - Cén sórt spion a chuireann an domhan míchothrom seo ort?
- Ag an phointe seo, ba chóir don mhúinteoir aird na ndaltaí a dhíriú ar na ‘Crúiscíní Intinne’ a rinneadh i gCeacht 4. Ba chóir don mhúinteoir iarraidh ar na daltaí cuimhneamh ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar mhothaithe s’acu faoin domhan míchothrom. Ba chóir dóibh croitheadh a bhaint as a gcrúiscíní intinne. Agus an gealra ag socrú, ba chóir dóibh a n-aird a dhíriú ar smaointe, mothúcháin agus mothaithe s’acu agus ligean dóibh socrú leis an ghealra. Is féidir an cleachtadh seo a athdhéanamh nuair is gá. Is é an rud is tábhachtaí do na daltaí ná ligean dóibh ‘aird a thabhairt’ ar fhreagairtí mothúcháin, fisiciúla agus cognaíocha s’acu ar na ceisteanna éagsúla seo

Gníomhaíocht 2

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó cheathrar, agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag cruthú ‘An duine is mó de dhíth ar an domhan’
- Tabhair Acmhainn Tacaíochta Ceachta 9 do gach grúpa

Treoracha

- Smaoinigh faoina bhfuil foghlamtha agat faoinár ndomhan míchothrom
- Samhlaigh gur féidir leat ‘an duine is mó de dhíth ar an domhan’ a chruthú. Thig leis an duine seo bheith ina sárlaoch a bhfuil na tréithe agus na cumhachtaí riachtanacha acu chun an domhan a dhéanamh níos cothroime do gach duine
- Nuair atá na grúpaí críochnaithe, thig leo a sárlaoch féin a thaispeáint don chuid eile den rang
- Thig leat an rang a chríochnú le Físeán Youtube For the Heroes A Pep Talk for Kid President le SoulPancake

Ceacht 10

Foghlaim Ceann Teagasc Ceann agus Pléigh ceann



Aidhm an Cheachta

Fiosrú neamhspleách a úsáid chun cuidiú le daltaí eolas agus tuiscint a fhorbairt ar choincheapa faoi leith; agus chun cuidiú leo litearthacht chriticiúil a úsáid chun dearcthaí éagsúla a chíoradh



Beidh na Páistí

Ag déanamh taighde neamhspleách

Ag sainmhíniú agus ag baint céille as choincheapa faoi leith

Ag plé dearcthaí éagsúla

Ag úsáid litearthacht chriticiúil chun dearcthaí éagsúla a chíoradh



Acmhainní

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 10
Cártaí Foghlaim Ceann Teagasc Ceann

Rochtain Idirlín do thasc taighde an dalta

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 11
Lipéid do na Cathaoireacha Cainteacha



Am

Molta

Gníomhaíocht 1: 30 - 40 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 30 - 40 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

1. Ag forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smaointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Don ghníomhaíocht seo, beidh an straitéis ‘Foghlaim Ceann Teagasc Ceann’ in úsáid
- Tabhair cárta ‘Foghlaim Ceann Teagasc Ceann’ do gach dalta (féach Acmhainn Tacaíochta Ceachta 10)
- Iarr orthu taighde a dhéanamh ar chiall an fhocail agus an chiall a scríobh síos ar an chárta
- Iarr orthu an chiall a fhoghlaim de ghlanmheabhair
- Míneigh dóibh go mbeidh siad ag teagasc focail s’acu agus ciall an fhocail don oiread daltaí agus is féidir
- Iarr ar na daltaí roinnt ina mbeirteanna
- Ba chóir dóibh na focail agus ciall na bhfocal a theagasc dá chéile
- Déan an comhartha agus iarr orthu bogadh chuig duine eile agus an focal a theagasc arís
- Ba chóir dóibh focal s’acu a theagasc don oiread daoine agus is féidir leo go dtí go bhfaigheann siad an comhartha le stopadh

Gníomhaíocht 2

- Leag amach 2 ‘Chathaoir Chainteach’ cúl le cúl in áit feiceálach sa seomra ranga. Marcáil ‘Aontaím Mar’ ar chathaoir amháin agus ‘Ní Aontaím Mar’ ar an cheann eile (féach Acmhainn Tacaíochta Ceachta 11)
- Míneigh do na daltaí go mbeidh siad ag plé ceisteanna éagsúla a bhaineann leis na focail a d’fhoghlaim siad.
- Cuir in iúl go mbeidh seans acu suí síos ar an chathaoir ‘Aontaím Mar’ nó ar an chathaoir ‘Ní Aontaím Mar’
- Míneigh go scairtfidh tú ráiteas amach. Má tá siad ina suí ar an chathaoir ‘Aontaím Mar’, caithfidh siad aontú leis an ráiteas. Má tá siad ina suí ar an chathaoir ‘Ní Aontaím Mar’, caithfidh siad easaontú leis an ráiteas.
- Míneigh go ndéanfaidh siad an cás do thuairim na cathaoireach, fiú mura chreideann siad a bhfuil a rá acu. Caithfidh siad samhlú gurb iad guth na cathaoireach iad
- Níl ach 15 soicind ag gach cathaoir lena chás a dhéanamh
- Míneigh go bhféadfaidh go mbeidh tuairimí éagsúla acu óna gcomhscoláirí ach go bhfuil sé tábhachtach go n-éistfidh siad leis na tuairimí uilig
- Abair leo go mbeidh deis acu ag deireadh na gníomhaíochta labhairt faoi chuid de na ceisteanna
- Iarr ar na daltaí teacht chuig na cathaoireacha ina mbeirteanna. Thig leat na daltaí a athrú ó ráiteas go ráiteas. Thig leis an mhúinteoir an ráiteas céanna a úsáid le cúpla péire

Ráitis Mholta

- **Tá Buachaillí agus Cailíní ar comhchéim**
- **Ba chóir do thír s’againn fáilte a chur roimh theifigh**
- **Má tá duine gan dídean, is orthu féin atá an locht**
- **Má tá neart rudaí agat, beidh tú sásta**
- **Tá sé ceart go leor a bheith ag tochailt ar lorg ola fiú má scriostar an domhan**
- **Ba cheart dúinn ár mbia féin a fhás**
- **Ba cheart níos mó cuidithe a thabhairt do thíortha bochta**

- Ba cheart do chultúir éagsúla meascadh le chéile níos mó
- Ba cheart do mhná pá níos airde a fháil ná mar a fhaigheann fir
- Is féidir le daoine óga an domhan a dhéanamh níos cothroime
- Ba cheart fáilte a chur roimh daoine atá ag teitheadh ó chogadh
- Ba cheart aird a bheith againn ar na daoine a dhéanann éadaí s'againn
- Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag gach páiste oideachas a fháil
- Is féidir le páistí bheith ina ngníomhaithe
- Tá sé ceart go leor do thír dul chun cogaidh
- Tá sé ceart go leor do chomhlachtaí móra talamh a bhaint de thíortha níos boichte
- Ba cheart comhbhá a bheith againn do gach duine

ceisteanna spreagthacha

- Chuala muid neart smaointe/tuairimí éagsúla ó na 'Cathaoireacha Cainteacha'. Cén dóigh a sealbhaítear na tuairimí/smaointe seo?
- Cá háit a bhfoghlaímíonn muid na rudaí a chreideann muid?
- Cad é mar is féidir linn bealaí nua smaointeoireachta a fhoghlaim chun na ceisteanna seo a chíoradh?
- Cad chuige go mbeadh daoine, eagraíochtaí agus/nó na meáin ag iarraidh go gcreidfidh muid rud éigin faoi leith?
- An féidir linn foghlaim an dóigh le smaoineamh ar na ceisteanna seo ar bhealach níos tuisceanaí agus níos cineálta do gach duine?

Leid 

Thig leat iarraidh ar na daltaí iad féin a chroitheadh chun carachtar na 'gCathaoireach Caintí' a ghlanadh amach astu

Ceacht 11 Tá Muid ag Dul ar Turas



Chun cuidiú le daltaí litearthacht chriticiúil a úsáid ar a mbarúlacha agus ar phríomhtheachtaireachtaí na meán



Ag fiosrú faoi dhearcthaí
Ag ceistiú agus ag cáineadh a mbarúlacha féin
Ag déanamh taighde
Ag fiosrú agus ag cáineadh príomhtheachtaireachtaí na meán



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 12
Lipéid agus íomhánna do Tá Muid ag Dul ar Turas
Rochtain Idirlín do thasc taighde an dalta



Gníomhaíocht 1: 30 - 40 nóiméad
Gníomhaíocht 2: 30 - 40 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

- Ag forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
- Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - Smaointeoireacht Chriticiúil
 - Litearthacht Mhothúchánach
 - Meiteachognaíocht
 - Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag dul ar turas samhailteach ar thraein
- Taispeáin na híomhánna agus lipéid ó Acmhainn Tacaíochta 12 do na daltaí ach bíodh na híomhánna béal faoi. Níor cheart do na daltaí ach taobh scríbhneoireachta an lipéid a fheiceáil. Abair leo gan an lipéad a thiontú nó go millfidh sé an turas
- Mínigh nach bhfuil mórán spásanna fágtha ar an traein agus go gcaithfidh siad duine a phiocadh ar mhaith leo suí in aice leis
- Iarr orthu amharc ar gach lipéad agus an duine a phiocadh ar mhaith leo suí in aice leis. Cuir i gcuimhne dóibh arís, gan an lipéad a thiontú
- Nuair atá an duine piochta acu ar mhaith leo suí in aice leis, iarr orthu smaoineamh cad chuige a ndearna siad an rogha seo
- Nuair atá an píosa thuas críochnaithe, iarr ar na daltaí duine a phiocadh nár mhaith leo suí in aice leis
- Nuair atá an duine piochta acu nár mhaith leo suí in aice leis, cuir na Ceisteanna Spreagthacha thuas orthu arís
- Nuair atá plé go leor déanta ar na ceisteanna thuas, thig leis na daltaí na lipéid a thiontú chun níos mó a fheiceáil agus a chloisteáil faoina roghanna

Ceisteanna spreagthacha

Ceisteanna spreagthacha

- An raibh tionchar ag rud ar bith ar do rogha?
- Cén cuma a bheas ar an duine / na daoine, an dóigh leat?
- Cad é a bheas tú féin agus an duine / na daoine ag labhairt faoi, an dóigh leat?
- Cad é mar a mhothaigh tú nuair a chonaic tú an íomhá agus an t-eolas?
- An athrófá d'intinn anois?
- Cén sórt barúlacha a bhí agat gan cheist nuair a rinne tú na roghanna sa chéad dul síos (m.sh. faoi aois, inscne, cumas srl.)?
- Cá as a dtagann na barúlacha seo?
- An dóigh leat go mbíonn barúlacha gan cheist ag daoine faoi dhaoine óga ar comhaois leatsa?
- An dóigh leat gur féidir le barúlacha gan cheist dochar a dhéanamh nó a bheith diúltach? Cad chuige / Cad chuige nach dóigh leat?

Gníomhaíocht 2

Cuid A

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag smaoinemh faoin dóigh a ndéanann muid na barúlacha seo
- Abair leo go scairtfidh tú sraith ráiteas amach
- Ba cheart dóibh 'Ordóg a chur Suas' má aontaíonn siad leis an ráiteas, 'Ordóg a chur Síos' má easaontaíonn siad, nó a méara a chasadh má tá siad 'Áit Éigin idir Eatarthu'
- Idir gach ráiteas, spreag na daltaí chun cúiseanna s'acu a mhíniú a bheith 'ag aontú', 'ag easaontú' nó a bheith 'áit éigin idir eatarthu'

Róitis

- Nuair a chloisim faoin Afraic ar an Teilifís nó ar líne, smaoiním i gcónaí faoin ocra
- Ta ionadaíocht mhaith ag daoine óga cosúil liom ar an Teilifís
- I dtionscal na scannán, bíonn deis ag mná agus fir na cineálacha céanna róil a dhéanamh
- Cloisim a lán scéalta dearfacha faoi dhaoine as tíortha eile ar mo Theilifís agus ar mo ríomhaire glúine
- Bíonn poist mhaithe ag daoine faoi mhíchumas ar an Teilifís
- Bíonn scéalta ar mo Theilifís agus ar mo ríomhaire glúine faoi dhaoine a dhéanann rudaí iontacha chun an domhan a athrú
- Bíonn na bréagáin chéanna do bhuachaillí agus do chailíní sna fógraí ar an Teilifís

Cuid B

- Roinn na daltaí i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar
- Tabhair ceann de na híomhánna ó Acmhainn Tacaíochta 12 do gach grúpa
- Mínigh dóibh gur cheart do gach grúpa taighde a dhéanamh ar na daoine san íomhá chun 3 fhíric shuimiúil a fháil amach
- Nuair atá sin déanta, ba cheart do gach grúpa na fíricí a roinnt leis an rang san iomlán

Leid

Cuir i gcuimhne do na daltaí a bheith ag éisteacht go gníomhach le tuairimí daoine eile agus meas a thaispeáint fiú mura n-aontaíonn siad le rud éigin. Cuidíonn seo le timpeallacht a chruthú inarbh fhéidir leis na daltaí plé sábháilte agus measúil a dhéanamh. Is féidir leat na Bunphrionsabail (aontaithe i gCeacht 1) a chur i gcuimhne do na daltaí más maith leat, agus is féidir cuid de na cleachtaí ón Zón Acmhainneach a dhéanamh idir gach gníomhaíocht fosta

Ceacht 12 Guth agus Gníomh an Dalta



Chun na daltaí a spreagadh smaoine s'acu faoi dhomhan níos fearr a chur in iúl; agus sin a dhéanamh trí thionscadal gníomh-bhunaithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm



Ag aimsiú agus ag déanamh taighde ar cheist éagóra dhomhanda

Ag aimsiú gníomhaíochtaí is féidir leis an rang a ghlacadh chun dul i ngleic leis an cheist

Ag déanamh Idirbheartaíochta faoi agus ag teacht ar chomhaontú faoi thionscadal gníomhaíochta an ranga

Ag pleanáil sholáthar an tionscadail



Acmhainn Tacaíochta Ceachta 13
Foirm Mholta don Tionscadal Gníomhaíochta

Rochtain Idirlín do thasc taighde an dalta



Gníomhaíocht 1: 40 - 60 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

1. Ag forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smaointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

Cuid A

- Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag smaoineamh faoi na fadhbanna is féidir leo a fhiosrú i dtionscadal gníomhaíochta an ranga
- Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar na fadhbanna uilig ar fhoghlaim siad fúthu le cúpla seachtain anuas

Ceisteanna spreagthacha

- Cad é ba mhaith leat a fheiceáil athraithe ar an domhan?
- Cé a bhfuil an chumhacht acu chun an t-athrú seo a dhéanamh?
- Cad é is féidir leat a dhéanamh chun cuidiú leis an athrú seo an dóigh leat?

Cuid B

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó chúigear
- Tabhair Acmhainn Tacaíochta Ceachta 13 do gach grúpa
- Caithfidh gach grúpa aontú ar fhadhb ba mhaith leo a fhiosrú
- Caithfidh siad taighde a dhéanamh ar an fhadhb, agus an fhoirm mholta ó Acmhainn Tacaíochta 13 a chomhlíonadh
- Nuair atá an chéim thuas déanta, is féidir le gach grúpa a Moladh do Thionscadal Gníomhaíochta a chur i láthair don rang iomlán
- Thig leis an rang vótáil ansin ar an mholadh ba mhaith leo comhoibriú air mar chuid de Thionscadal Gníomhaíochta

Smaointe do Thionscadal Gníomhaíochta

- Déan Scoil Chóirthrádála den Scoil
- Tionól scoile a óstáil chun feasacht a ardú faoin cheist seo
- Cinntigh nach ndéanann an scoil dochar don timpeallacht
- Scríobh agus taifead dán nó amhrán faoin cheist seo
- Déan iniúchadh dramhaíola i do scoil
- Eagraigh lá gan fuinneamh
- Cruthaigh coiste daltaí 'Oideachas don Chroí'
- Cruthaigh chomh-thionscadal cruthaitheach le scoil in áit eile

Leid 


*Agúsín D 'Ag Cuidiú le Daltaí
lena dTionscadal Gníomhaíochta -
Seicliosta*

Aguisíní

“

Chuidigh Oideachas don Chroí liom a bheith níos airdeallaí agus níos machnamhaí faoi mo chuid múinteoireachta; go háirithe chuidigh sé liom am a dhíriú ar luachanna teagaisc de chuid ‘Oideachas don Chroí’ lena n-airítear Comhbhá, Buíochas agus Bá - chomh maith le hoideachas a chur ar a n-intinn

”



Aguisín A

Oideachas don Chroí: Creat Foghlama don Dalta

1

Ag Forbairt Eolais agus Tuisceana

Forbróidh na daltaí Eolas agus Tuisceant s'acu ar cheisteanna áitiúla agus domhanda trí:

- Iniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna agus ar iarmhairtí na héagóra sóisialta, na héagothroime sóisialta, na bochtaineachta domhanda agus an díghrádaithe comhshaoil
- Iniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna agus ar iarmhairtí coimhlinte
- Plé a dhéanamh ar shlándáil an domhain agus an dóigh a bhfuil an slándáil sin ag brath ar chomhoibriú idir tíortha agus idir daoine
- Plé a dhéanamh ar an dóigh is féidir le claonadh, éadulaingt agus eagla roimh éagsúlacht teacht chun cinn idir tíortha, daoine agus cultúir an domhain
- tuiscint cultúrtha a phlé
- Idirspeáchas an gheilleagair dhomhanda a phlé
- Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil córais pholaitiúla dhomhanda nasctha le chéile
- Plé a dhéanamh ar ról na gcearta daonna, ról na gcearta páistí agus sárú ar chearta an duine
- Scrúdú a dhéanamh ar ról agus ar dhualgas sóisialta an rialtais i gcur chun cinn agus i gcosaint cearta daonna, córa domhanda agus comhionannais shóisialta
- Plé a dhéanamh ar ról agus ar dhualgas sóisialta na n-Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENR) i gcur chun cinn agus i gcosaint cearta daonna, córa domhanda agus comhionannais shóisialta
- Iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar dhualgas sóisialta na meán i gcur chun cinn agus i gcosaint cearta daonna, córa domhanda agus comhionannais shóisialta
- Cuidiú, trádáil, fiachas agus éilliú domhanda a phlé
- Na bealaí a fhiosrú gur féidir le daoine óga páirt gníomhach a ghlacadh sa sochaí ar bhonn áitiúil agus domhanda chun athrú a dhéanamh chun leas gach duine
- Iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí chun Guth an Dalta maidir le fadhbanna domhanda a chur chun cinn agus a fhorbairt

2

Ag Foghlaim Scileanna agus Luachanna – Ag Cothú Ghuth an Dalta

Foghlaiméoidh daltaí na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha le bheith páirteach sa domhan mar shaoránach áitiúil agus domhanda trí na nithe seo a leanas a fhoghlaim:

Smaointeoireacht Chriticiúil	Litearthacht Mhothúchánach	Meiteachognaíocht	Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní	Luachanna Uilíocha
Tacaigh leis na daltaí smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh ar fhadhbanna áitiúla agus domhanda trí:	Tacaigh le daltaí comhbhá a fhorbairt dóibh féin agus do dhaoine eile trí:	Tacaigh le daltaí cumais mheiteachognaíochta s'acu a fhorbairt trí:	Tacaigh le daltaí meon forbartha a fhorbairt trí:	Tacaigh le daltaí luachanna uilíocha a fhorbairt trí:
<ul style="list-style-type: none"> - Ceisteanna criticiúla a chur agus a phlé faoi chúiseanna agus iarmhairtí na héagothroime áitiúla agus domhanda - Anailís a dhéanamh ar agus ciall a bhaint as na fadhbanna ábhartha - Measúnú a dhéanamh ar na príomhghnéithe agus ar chaidrimh a bhaineann leis na fadhbanna - Fianaise a mheas agus a cheistiú, agus claonadh agus cláir oibre folaigh a aimsiú - Barúlacha agus tuairimí traidisiúnta faoi na fadhbanna a cheistiú - Dearcthaí iomadúla ar na fadhbanna a mheas - Fadhbanna a mheas ó dhearcthaí éagsúla agus ceisteanna ‘Más rud é go..’ a chur - Roghanna a chur sa mheá nuair atá tú ag moladh réiteach d'fhadhbanna - Breithiúnais agus cinní stuama a dhéanamh faoi fhadhbanna - Gníomh féideartha a mheas 	<ul style="list-style-type: none"> - Stórfhocal agus teanga a fhorbairt do mhothúcháin, do mhothaithe agus don chomhbhá - Feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar mhothaithe, agus an dóigh a n-athraíonn siad thar am - Mothúcháin a chur in iúl ar bhealaí dearfacha - Feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar mhothaithe daoine eile - Eisteacht ghníomhach a chleachtadh le daoine eile agus freagairt chuí a thabhairt orthu - Feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar cad é mar a mhothaíonn agus mar a fhreagraíonn daoine eile ar chúiseanna agus ar chásanna faoi leith - Feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar an tionchar a bhíonn ag imeachtaí faoi leith ar shaol agus ar shláinte mhothúchánach duine 	<ul style="list-style-type: none"> - Tuiscint a fhorbairt ar phróiseas smaointeoireachta s'acu maidir le mothúcháin - Cumas smaointeoireachta s'acu a fhorbairt ar cad is cúis le mothúcháin agus freagairtí mothúchánacha s'acu agus de chuid daoine eile - Cumas a fhorbairt chun súil a choinneáil ar, machnamh agus measúnú a dhéanamh ar smaointeoireacht agus ar mhothúcháin s'acu i gcásanna faoi leith nó mar fhreagra ar fhadhbanna faoi leith - Cumas s'acu a fhorbairt bheith ag súil leis na smaointe agus na freagairtí mothúchánacha a bhíonn acu do chásanna nó d'fhadhbanna faoi leith - Straitéisí smaointeoireachta a fhorbairt chun mothúcháin a bhainistiú 	<ul style="list-style-type: none"> - Bheith oscailte roimh smaointe nua - Scileanna acmhainneachta a fhorbairt - Féinmhuinín a fhorbairt - Cumas machnaimh a fhorbairt ar a n-iompar agus ar a dtuairimí féin, agus na rudaí seo a cheistiú - Foghlaim chun fadhbanna a chíoradh agus cinní a dhéanamh agus foghlaim bheith ag éisteacht le daoine eile agus freagra cuí a thabhairt - Foghlaim chun barúlacha, creidimh agus claonta pearsanta a cheistiú, agus cad é mar is féidir bheith neamhchlaonta ag déileáil le daoine eile 	<ul style="list-style-type: none"> - Tuiscint idirspiléachais a fhorbairt - Tuiscint ar chearta agus ar dhualgais a fhorbairt - Buíochas agus tuiscint a fhorbairt do dhaoine eile ar fud an domhain - Tuiscint a fhorbairt ar dhlúthpháirtíocht agus ar shaoránacht ghníomhach

Aguisín B

An Zón Acmhainneach

Ar aon dul le rithimí an nádúir, tá rithim nádúrtha i gcorp s'againn fosta. Tá an néarchóras ar cheann dár rithimí nádúrtha. Nuair atá an néarchóras in ord, mothaíonn muid ar mhúin na muice. Tugtar an Zón Acmhainneach (ZA) air seo. Nuair atá muid sa ZA, tá sé níos éasca dul i ngleic le cora an tsaol agus bheith ag déileáil le daoine ar

bhonn soiléir agus suaimhneach.

In amanna má tá corp s'againn míshocair, tagann fuinneamh strusmhar orainn agus thig linn a bheith gafa sa staid sin. Ansin tá muid taobh amuigh dár ZA. Thig le corp s'againn a bheith ar tinneall agus a bheith gafa sa Zón Hipear-dhúiseachta, nó thig linn a bheith gan mhothú ar bith agus gafa sa Zón Hipea-dhúiseachta. In amanna, bíonn muid ag bogadh idir an Zón Ard agus an Zón Íseal

Is 'Cúiseanna' iad na rudaí a chuireann imeachtaí strusmhara i gcuimhne don néarchóras, nó a chuireann dallamullóg ar do néarchóras go bhfuil tú i gcontúirt. Is féidir le daoine, áiteanna, fuaimneanna, mothú coirp, focail agus/nó bolaithe a bheith ina gcúiseanna más rud é go bhfuil siad ceangailte le himeachtaí strusmhara i do shaol, agus is féidir leo tú a chaitheamh amach as do ZA. Do chuid daoine, ní féidir leo dul isteach sa ZA mar gheall ar an oiread cúiseanna atá acu.


Nóta

Is staid inmheánach é an ZA d'inoiriúnaitheacht, de sholúbthacht, de chothromaíocht chognaíoch agus mhothúcháin

Nuair atá muid sa ZA, Tá muid níos fearr ag dul i ngleic le dúshláin ár saoil, agus is féidir linn caidrimh laethúla a láimhseáil ar bhonn sláintiúil agus suaimhneach


Nuair atá muid feasach ar ár ZA inmheánach, is féidir linn súil a choinneáil ar na mothúcháin mhíshuaimhneacha agus uirlisí a chur i bhfeidhm le filleadh ar an ZA

Léiriú ar an Zón Acmhainneach



Caite amach as an Zón Acmhainneach

Gafa i staid Hipear-Dhúiseachta



Gafa i staid hipea-dhúiseachta

Hipear-Dhúiseachta

Staid ina mbíonn méadú ar an teannas agus inní sa chorp faoi bhagairtí fíora nó cumtha: Mar gheall ar chóras rabhaidh an choirp, éiríonn do ráta croí níos gasta agus éiríonn d'análú níos gasta agus níos éadroime. Moillíonn sé do ghóile fosta. Tarlaíonn gríosú an néarchórais seo gan smaoineamh, agus fágann sé muid de shíor 'ag troid nó ag teitheadh'

Zón Acmhainneach

Staid cothromaíochta inmheánaí: Tá smaointe, mothúcháin agus mothaithe s'againn ag teacht lena chéile, agus thig linn bheith páirteach sa saol agus dul i ngleic le dúshláin ar bhonn sláintiúil

Hipea-Dhúiseachta

Staid easpa spéise agus dícheangail: Titeann fuinneamh sa chorp go tobann go dtí go bhfuil sé gan mhothú, marbhánta, brónach agus in ísle brí

Ag Cuidiú le Daltaí an Zón Acmhainneach a Aimsiú

Céim 1: Ag Talmhú

- Mothaigh do chosa ar an talamh
- Mothaigh an domhantarraingt
- Mothaigh brú do choirp agus cad é atá dá choimeád suas
- Mothaigh uigeacht rudaí le do mhéara. Díriú d'aird ar an mhothú i do mhéara agus i do lámh
- Cuir na corrmhéara le chéile. Díriú d'aird ar an mhothú i mbarr méire amháin. Díriú d'aird ar an mhothú sa bharr méire eile. Díriú d'aird ar an mhothú i mbarr an dá mhéar le chéile
- Ainmnigh mionsonraí na rudaí a bhfeiceann tú, a bhaineann tú do, a chluineann tú, a bholaíonn tú agus a bhlaiseann tú ag an bhomaite

Céim 2: Ag Coinneáil Súil

- Cuir am ar leataobh i rith an lae agus abair leis na daltaí aird a thabhairt ar na mothaithe ina gcorp
- Iarr orthu oibriú amach más mothaithe deasa, gránna nó neodracha iad
- Mínigh gur leideanna beaga iad na mothaithe seo a chuireann in iúl dúinn má tá muid laistigh nó lasmuigh de ZA s'againn
- Iarr ar na daltaí samhlú gur eolaithe iad atá ag scrúdú na mothaithe seo, chun oibriú amach cén sort spion a chuireann na mothaithe seo orthu
- Mar iarmhachnamh, abair leis na daltaí roinnt mothúchán a ainmniú. Abair leo cur síos a dhéanamh ar cad é mar a mhothaíonn an mothúchán seo sa chorp. Cén dóigh a thiontaíonn an mothúchán seo ina mhothú sa chorp ar fad? Is féidir seo a dhéanamh le híomhá nó le hiontrálacha dialainne nó le dán

Céim 3: Ag Cur Acmhainní ar Fáil

- Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi dhuine, faoi áit, faoi rud, faoi chuimhne, nó faoi chuid díobh féin (tréith fhisiciúil nó phearsanta) a chuireann spion socair, deas, suaimhneach nó láidir orthu
- Iarr orthu díriú isteach ar na mothaithe ina gcorp
- Arís, iarr ar na daltaí samhlú gur eolaithe iad atá ag scrúdú na mothaithe seo
- Iarr ar na daltaí dúshlán a thabhairt dóibh féin fanacht leis na smaointe agus mothaithe seo ar feadh tamaill, chun a neart istigh a thógáil le bheith socair, deas, suaimhneach agus láidir. Mínigh go gcuidíonn seo lenár 'Matán ZA' a fhorbairt, agus fiú an ZA féin a leathnú

Nóta

Cuidíonn obair sa ZA leis na daltaí léargas a fhorbairt ar an nasc idir smaointe, mothúcháin, gníomhaíocht agus iompar

Cuidíonn obair sa ZA leis na daltaí straitéis folláine a fhorbairt, agus spás sábháilte a chruthú le haghaidh ceisteanna córa domhanda agus conspóideacha a fhiosrú

Tugann obair sa ZA uirlis phraiticiúil do dhaltaí a chuidíonn leo comhbhá agus bá a fhorbairt dóibh féin, do dhaoine eile agus don domhan mór

Aguisín C

Cleachtaí a Théann Leis an Chrúiscín Intinne

Cithfholcadán Tirim

- Cuimil do lámha go dtí go gcruthaítear roinnt teasa
- Agus do lámha te, cuimil do phlait, d'aghaidh, do ghuaillí, do sciatháin agus do chosa
- Buail ar d'easnacha go bog
- Buail ar do chliabhreach go bog
- Cruthaigh ton le do ghuth, agus féach cén tionchar a bhíonn ag an bhualadh air (cuidíonn bualadh cliabhraigh go mór le tógáil féinmhuiníne)
- Agus tú ag bualadh do chliabhraigh, druid do shúile ar feadh bomaite agus tabhair aird ar mhothaithe do choirp

Fuinneamh

- Suigh i gciorca, druid do shúile agus cuimil bos do lámha in aghaidh a chéile go gasta
- I ndiaidh cúpla bomaite, nuair atá teas ar do bhosa, stop agus cuir díreach in aice le chéile iad, ach gan teagmháil a dhéanamh
- Mothaigh an fuinneamh atá déanta agat idir do lámha
- Díriú isteach ar an fuinneamh sin amháin, agus tabhair aird ar na mothaithe uilig
- Samhlaigh go bhfuil an chumhacht ag an fuinneamh seo chun d'intinn, do chorp agus do mhothúcháin a shuaimhniú
- Cuimil do lámha in aghaidh a chéile arís
- Nuair a mhothaíonn tú teas ar do bhosa arís, stop agus cuir díreach in aice le chéile iad, ach gan teagmháil a dhéanamh
- Arís, mothaigh an teas atá déanta agat
- An t-am seo, bog do lámha amach óna chéile, ach díriú d'aird ar mhothú an fhuinnimh ag fás idir do lámha

Aguisín D

Ag Cuidiú le Daltaí lena dTionscadal Gníomhaíochta - Seicliosta

1. Ag Roghnú Tionscadal Gníomhaíochta

- Ar chaith mé am ag plé ábhair shuime na ndaltaí?
- Ar roghnaigh siad an fhadhb iad féin?
- An bhfuiltear ar aon intinn maidir leis an fhadhb atá roghnaithe?
- An bhfuil buntuisicint ag na daltaí ar an fhadhb?
- An féidir leis na daltaí samplaí a thabhairt faoin dóigh a gcuireann an fhadhb seo isteach ar dhaoine agus ar an domhan?
- An forbróidh an tionscadal gníomhaíochta eolas, scileanna agus muinín an dalta?
- An bhfuil go leor acmhainní ann chun an tionscadal gníomhaíochta a chur i gcrích?
- An bhfuil cead de dhíth orm ó thuismitheoirí nó ón Bhord Bainistíochta?
- An bhfuil a fhios ag na daltaí cad é atá siad ag iarraidh baint amach?

2. Ag Eagrú an Tionscadail Gníomhaíochta

- Ar aimsigh na daltaí a bhfoinsí eolais?
- An bhfuil na tascanna ar eolas ag na daltaí a bheas de dhíth chun an tionscadal gníomhaíochta a chur i gcrích?
- An bhfuil ról ag gach dalta sa tionscadal gníomhaíochta?
- An bhfuil liosta déanta de na róil agus na dualgais ag an rang?

3. Ag Déanamh an Tionscadail Gníomhaíochta

- An bhfuil tréimhse réasúnta ama leagtha amach chun an tionscadal gníomhaíochta a dhéanamh?
- An bhfuil ról cheannaireachta ann le cinntiú go gcríochnaíonn gach dalta a dtasc?

4. Ag Déanamh Machnaimh ar an Tionscadal Gníomhaíochta

- An féidir le daltaí a bhfoghlaim a léiriú?
- An féidir leis na daltaí na scileanna atá forbartha acu a aithint?
- Ar athraigh dearcthaí nó tuairimí na ndaltaí mar gheall ar an tionscadal gníomhaíochta?
- An bhfuil suim ag daltaí níos mó gníomhaíochtaí a dhéanamh maidir leis an cheist seo?
- An féidir le daltaí athrú a aithint, a tharla mar gheall ar thionscadal gníomhaíochta s'acu?

Nótaí

A series of horizontal dotted lines for writing notes.